## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2005*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 8 Meitheamh 2005
Iarnóin, 2.00 pm go 4.00 pm

### *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh d'UIMHIR SCRÚDAITHE sa spás seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO.

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.
*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.
*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá ceithre cheist inti, Ceist C1, Ceist C2, Ceist C3 agus Ceist C4.
Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist eile.

| ***Don Fheitheoir amháin*** | ***Don Scrúdaitheoir amháin*** | |
|---|---|---|
| Stampa on Ionaid | 1. Iomlán na n-iomlán deireadh leathanaigh. | |
| | 2. Suim iomlán na gceisteanna neamhcheadaithe. | |
| | 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2). | |
| | 4. Bónas do fhreagairt trí Ghaeilge (má oireann). | |
| | 5. Marc iomlán bronnta má tá bónas don Ghaeilge. (3+4) | |
| | 6. Creidiúint. | |
| | **Nóta:** Caithfidh an marc i líne 3 a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **<u>Iomlán</u>** sa scríbhinn. | |

## *Roinn A* – **Triail Éisteachta** (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá dhá chuid sa tuarascáil seo.

- An chéad seinm: Cloisfidh tú an tuarascáil uile.
- An dara seinm: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar deis duit freagra a thabhairt ar cheisteanna 1 go 5.
- An tríú seinm: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar deis duit freagra a thabhairt ar cheisteanna 6 go 9.
- An ceathrú seinm: Cloisfidh tú an tuarascáil uile. Ba chóir duit freagra a thabhairt ansin ar cheist 10, a labhrófar ar an dlúth diosca.

| ***Is féidir an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat don dara huair, beidh deis agat ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an dlúth diosca.**

**1.** Cén aois í Patricia? (1 mharc)

______________________________

**2.** Liostaigh **trí** chúis, de réir a lán daoine, a n-éiríonn mná óga torrach. (3 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

**3.** (a) Liostaigh **trí** rud a dhéanann Patricia de ghnáth ag an deireadh seachtaine. (3 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

(b) Cén fáth, dar leat, nach dtéann Patricia amach ach uair amháin sa mhí? (2 mharc)

______________________________

______________________________

**4.** Cén fhianaise atá ann a thugann le fios gur máthair mhaith í Patricia? (3 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

**5.** Ó thaobh Patricia de, cad é i do thuairim, an ghné is deacra de í a bheith ina tuismitheoir aonair. Mínigh do fhreagra. (3 mharc)

Gné ______________________________

Mínigh______________________________

______________________________

______________________________

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat don dara huair, beidh deis agat ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt.**

**6.** (a) Cé mhéad cothaithe a íocann athair Eoin gach seachtain? (1 mharc)

(b) Cén fáth nach gcuireann sé seo le hioncam Patricia? (2 mharc)

(c) Íoctar cothú trí *bhuanordú*. Cad is brí leis seo? (3 mharc)

**7.** (a) Caitheann Patricia a hioncam ar 'chíos,...bia, teileafón, leictreachas agus gach rud eile.' Liostaigh **trí** chostas eile a bheadh san áireamh le '*gach rud eile.'* (3 mharc)

1.

2.

3.

(b) Conas a dhéanann Patricia airgead a chur i dtaisce chun sólaistí a sholáthar dá mac? (2 mharc)

**8.** Cén fáth a gcreideann Patricia gur chóir cúram leanaí saor in aisce a thabhairt do thuismitheoirí aonair? (3 mharc)

**9.** Cén fáth a gcreideann Patricia gur chóir do thuismitheoirí aonair vóta a chaitheamh? (2 mharc)

**Nuair a bheidh an téip cloiste agat don tríú huair, freagair ceist 10, a labhrófar ar an téip.**
**Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an dlúth diosca.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an thaifeadadh. Freagair, le do thoil, sa spás thíos.

(4 mharc)

## *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 Marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** GCEIST AS **15**

Tá 2 mharc ag dul do gach ceist.

Cuir tic √ sa bhosca ceart do gach ceist.

**1.** Mary Kelly: ar triail agus é curtha ina leith go ndearna sí luach $1.5m damáiste do scairdeitleán de chuid aerfhórsa na Stát Aontaithe. Ba í an chúis agóide a bhí aice ná



Costas aerthaistil ☐ An cogadh san Iaráic ☐ Truailliú na timpeallachta ☐

**2.** Sa Ráiteas Uilíoch ar Chearta Daonna tá

20 Airteagal ☐ 30 Airteagal ☐ 40 Airteagal ☐

**3.** Is é a ghlaotar ar an gcáin a íoctar leis an rialtas ar Chuntais Taisce Speisialta ná

CCÚT- Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT í mBéarla) ☐

ÍMAT– Íoc Mar a Thuilleannn Tú (PAYE í mBéarla) ☐

CBL – Cáin Bhreisluacha (VAT í mBéarla) ☐

**4.** Mura bhfuil lanúin pósta, caithfidh an t-athair a chead a thabhairt sula gcuirtear a ainm ar theastas beireatais an linbh.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**5.** Cé acu ceann díobh seo a leanas atá ina acmhainn nádúrtha do thurasóireacht i gceantar?

Ionad Fóillíochta ☐ Loch ☐ Machaire Gailf ☐

**6.** Caithfear duine le AIDS a chur ar coraintín.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Is féidir an cíos a íocann léasaí a mhéadú

A oiread agus chomh minic agus a theastaíonn ón tiarna talún ☐

Ag tús gach comhaontú léasa amháin ☐

Gach dhá mhí déag amháin ☐

**8.** Cé acu ceann díobh seo a leanas atá ina dhruga siabhraigine?







Cannabas ☐ LSD ☐ Nicitín ☐

**9.** Is é ainm an Pholaiteora Éireannaigh seo, atá ina Ball tofa de Pharlaimint na hEorpa ná



Dana Rosemary Scallon ☐ Mary Bannotti ☐ Cathy Sinnott ☐

**10.** Má bhíonn ólachán trom ar siúl le linn toirchis, d'fhéadfadh an leanbh a bheith ag fulaingt

Siondróm Gine Alcóil ☐ Spina Biffida ☐ Plúchadh ☐
(Asthma í mBéarla)

**11.** I léamh léarscáileanna is é atá san Eochair Eolais ná

Sceitse an cheantair ina léirítear na príomhghnéithe ☐

Scéal béaloidis faoin áit ☐

Liosta eochracha ag cur síos ar ghnéithe atá ar an talamh ☐

**12.** Rinne an ICTU an póstaer seo a leanas a tháirgeadh. Tá sé ag iarraidh eolas a mhéadú faoi




Leithcheal Gnéis ☐ Leithcheal Cine ☐ Leithcheal Aoise ☐

**13.** Cíallaíonn 'áthchur faoi choimeád'

Amuigh ar Bannaí ☐ Curtha faoi Ghlas ☐ Saoradh Coinníollach ☐

**14.** Is é atá i bpolasaí árachais ná

An conradh idir tú féin agus an comhlacht árachais ☐

An t-airgead a chaithfidh tú a íoc leis an gcomhlacht árachais ☐

An lascaine a fhaigheann tú toisc nach raibh aon éileamh agat le bliain anuas ☐

**15.** Is iad tithe an Oireachtas ná



An Seanad agus an Dáil ☐

Teach na dTiarnaí agus Teach na dTeachtaí ☐

An Seanad agus Comhairle na nAirí ☐

## *Roinn C* (45 marc)

FREAGAIR TRÍ CHEIST.

Caithfidh tú **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as C2, C3 agus C4.

| **Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte** (15 mharc) |
|---|

**1.** Déanann An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an téarma 'sláinte' a shainmhíniú mar seo

> **Staid iomlán folláine fisiciúla, intinne agus sóisialta nach easpa ghalair nó easláinte amháin í.**
>
> *An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte*

Cén fáth ar sainmhíniú maith é an sainmhíniú sláinte thuas? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**2.**




(a) Is féidir mí-úsáid teaghlaigh a rangú i dtrí phríomh-chineál: gnéasach, fisiciúil agus síceolaíoch. Cé acu díobh an drochíde is measa, dar leat? Mínigh cén fáth. (2 mharc)

Cineál ______________________________________________

Mínigh ______________________________________________

______________________________________________

(b) Cén chomhairle a thabharfá do bhean atá ag maireachtáil in áit a mbeadh mí-úsáid á tabhairt di? (2 mharc)

(c) Ainmnigh eagraíocht/gníomhaireacht a bhíonn ag obair le daoine a dtugtar mí-úsáid dóibh sa teaghlach. (1 mharc)

**3.**

# An Preas Laethúil

Tá a lán déagóirí ag baint blianta dá saol, de réir mar a chasann siad níos mó ar ólachán, drugaí, gnéas agus toitíní. Fiú leis an dul chun cinn is mó in eolaíocht leighis, ní fhéadfaidh na dochtúirí leibhéil na ngalar a iompú ar ais sa todhchaí.
Tá leanaí chomh hóg le 11 anois ag blaiseadh an óil i mbabhtaí diana ólacháin.
Ceapann na saineolaithe go bhfeicfear, sna blianta atá romhainn, buama ama de ghalair a bhaineann leis an stíl mhaireachtála. Cuid den fhadhb ná go gcreideann formhór na ndaoine óga nach dtarlóidh sé dóibh féin riamh agus, má tharlaíonn, samhlaíonn siad go bhfuil sé ró-fhada uathu sa todhchaí chun bheith buartha faoi.
Cheana féin tá cóir leighis á chur ag saineolaithe sláinte ar dhaoine sna tríochaidí do ailse scamhóg agus do ghalair atá á leathadh go gnéasach i líon níos mó déagóirí. Toisc go dtógann sé roinnt ama sula mbíonn an damáiste soiléir,




ní bhíonn a lán daoine óga buartha faoi fhadhbanna an lae amárach.
Taispeánann na staitisticí is déanaí go bhfuil 25% de na buachaillí agus 30% de na cailíní san aois-ghrúpa 17-18 ag caitheamh tobac anois. Tá sé seo scanrúil, mar beidh leath d'fheidhm na scamhóg caillte ag daoine sula dtagann giorra anála orthu. I gcás na gcaiteoirí tobac, béarfaidh an ailse orthu ar dtús. Is ábhar iontais é gurb í an chúis a bhíonn ag a lán daoine gan éirí as, ná go bhfuil siad buartha faoi mheáchan a chur suas. Fós, tá a fhios ag a lán acu anois go n-éiríonn daoine aosta roimh am de bharr tobac a chaitheamh.
In Éirinn is é an toradh a bheidh ar na babhtaí diana ólacháin ná go mbeidh fadhbanna ag daoine leis an gcóras cairdashoithíoch agus le baill eile an choirp sa todhchaí. Má ólann duine an iomad alcóil, is é an toradh a bheidh air ná go bhfaighidh sé galair mharfacha, go mbeidh sé aosta roimh am agus go gcuirfidh foréigean agus lagar spride isteach air. Go sóisialta, bíonn a lán fadhbanna ag baint le mí-úsáid alcóil agus is é an phríomh-fhadhb ná an líon mór daoine a mbíonn gnéas fánach, gan chosaint acu. Deir na saineolaithe go mbeidh torthaí ollmhóra níos déanaí sa saol ar na droch-roghanna i modh beatha, a bhíonn déanta ag duine agus é fós ina dhéagóir.
Is í an tslí a mhairimid inniu an tslí a fhéachfaimid agus a mhothóimid sa todhchaí. Ní inniu ná amárach amháin a chuirfidh ár roghanna i modh beatha isteach orainn ach nuair a bhuailfidh siad sinn, beidh a gcuid éifeachtaí do-athraithe agus, de réir cosúlachta, marfach.

(a) I measc déagoirí, an bhfuil níos mó buachaillí nó níos mó cailíní ag caitheamh tobac? Bain úsáid as an bhfianaise san alt chun tacú le do fhreagra. (2 mharc)

(b) Bunaithe ar an eolas atá san alt, liostaigh **trí** ghalar éagsúla a d'fhéadfadh na daoine óga seo a fháil sa todhchaí. I gcás gach ceann acu mínigh an chúis a bheadh leis. (3 mharc)

Galar ______________________________

Cúis ______________________________

Galar ______________________________

Cúis ______________________________

Galar ______________________________

Cúis ______________________________

(b) Imlínigh **trí** chomhairle, seachas na pointí a ardaíodh san alt, a thabharfá do dhéagóirí chun cabhrú leo roghanna dearfacha i modh beatha a dhéanamh. (3 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

3. ______________________________

______________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEIST AS NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

**Ceist C2: Mo Phobal** (15 mharc)

**1.** Léigh an staidéar ar an gcás áirithe seo agus freagair na ceisteanna a leannan é.

## Oifig Phoist Áitiúil le Dúnadh

Tá sé socraithe go ndúnfar Oifig Phoist Chill Bhaile, atá ann le seasca bliain anuas. Cuirfear iallach anois ar mhuintir na háite taisteal sé mhíle chuig an oifig phoist is cóngaraí. Toisc go bhfuil na seirbhísí bus poiblí teoranta, déanfaidh sé seo an saol i bhfad níos deacra do sheanóirí nach bhfuil a modh taistil féin acu. Deir An Post nach bhfuil dóthain gnó ann chun oifig an phoist a choimeád sa cheantar. Tá sé socraithe ag an bpobal áitiúil an fód a sheasamh i gcoinne an dúnta seo.

(a) Go traidisiúnta, ba é an phríomh-fheidhm a bhí le hoifig an phoist ná litreacha agus bearta a dháileadh. Liostaigh **dhá** sheirbhís eile atá curtha ar fáil anois ag An Post. (2 mharc)

___

___

(b) Déan cur síos go mion ar ghníomhaíocht/bealach feachtais **amháin,** a d'fhéadfadh pobal na háite tabhairt faoi, chun dúnadh oifig an phoist áitiúil a chosc. (3 mharc)

___

___

___

___

**2.** Maidir le **trí** cinn de na cartúin faoi fheasacht timpeallachta seo a leanas, ainmnigh agus mínigh cén modh cosanta dár dtimpeallacht atá á mholadh ag gach ceann. (6 mharc)




Ainmnigh ___

Mínigh ___




Ainmnigh ___

Mínigh ___



Ainmnigh ______________________________________________

Mínigh ______________________________________________



Ainmnigh ______________________________________________

Mínigh ______________________________________________



Ainmnigh ______________________________________________

Mínigh ______________________________________________

**3.** (a) Luaigh fostaíocht/gníomhaíocht eacnamaíoch **amháin** atá suite i do cheantar áitiúil. (1 mharc)

______________________________________________

(b) Liostaigh buntáiste **amháin** atá ag an ngníomhaíocht seo don cheantar. (1 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

(c) Cén fáth ar lonnaigh an ghníomhaíocht/an tionscal seo i do cheantar? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

## Ceist C3: Saincheisteanna Comhaimseartha (15 mharc)

**1** Roghnaigh **dhá** pháirtí polaitíochta agus i gcás gach ceann díobh ainmnigh an ceannaire ata air. (2 mharc)

Páirtí Polaitíochta ______________________________

Ceannaire ______________________________

Páirtí Polaitíochta ______________________________

Ceannaire ______________________________

**2.** Ceangail an Roinn Rialtais leis an bhFreagracht mar a thaispeántar sa sampla a thugtar. (3 mharc)

**Roinn Rialtais**

**a. An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

**b. An Roinn Cosanta**

**c. An Roinn Airgeadais**

**d. An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil**

| | |
|---|---|
| **a.** | **3.** |
| **b.** | |
| **c.** | |
| **d.** | |

**Freagracht**

**1. Toghcháin**

**2. Cáin**

**3. Scoileanna**

**4. Gardaí**

**3.**

**Deir an tAcht Toghchánach 1992**

***Níor chóir ábhar toghcháin ná daoine a bhfuil iarrthóirí á gcur ar aghaidh acu a bheith sa limistéar timpeall ar ionad vótála.***

Cén fáth nár choir 'ábhar tóghcháin ná daoine a bhfuil iarrthóirí á gcur ar aghaidh acu a bheith sa limistéar timpeall ar ionad vótála'? (2 mharc)


______________________________

______________________________

**4.** **Sa Ráiteas Uilíoch ar Chearta Daonna (RUCD) tá cearta eacnamaíocha, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha an uile dhuine cuimsithe.**



**A**-Duine ina chodladh ar an tsráid i mBaile Átha Cliath



**B** - Príosúnach i Abu Ghraib

Roghnaigh ceann amháin de na pictiúir atá thuas. **A** ☐ nó **B** ☐
(Cuir tic √ le do rogha)

Maidir leis an bpictiúr a roghnaigh tú, luaigh cad é an ceart daonna atá á cheilt. (2 mharc)

______________________________________________________________________

(b) An bhfuil an ceart seo: Eacnamaíoch ☐ Polaitiúil ☐ Sóisialta ☐ Cultúrtha ☐
(Cuir tic √ le do rogha) (2 mharc)

Mínigh do fhreagra______________________________________________________

______________________________________________________________________

**5.** (a) Ainmnigh saincheist chomhaimseartha a bhfuil staidéar déanta agat air. Luaigh Grúpa Spéise amháin a bhfuil baint acu leis an gceist seo. (1 mharc)




Ceist: ______________________________________

______________________________________

Grúpa: ______________________________________

(b) Mínigh conas a bhí tionchar ag an ngrúpa seo ar an gceist. (3 marc)

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

______________________________________

## Ceist C4: Ag dul i mbun Dualgais (15 mharc)

**Próifíl Phearsanta**

**Ainm:** Marc Ó Maoldomhnaigh

**Aois:** 19

**Cónaí faoi láthair:** Cónaí lena thuismitheoirí

**Teileafón:** 082-7776666

**Stádas:** Singil

**Fostaíocht:** Déantóir Uirlisí ar Oiliúint

**Tuarastal:** €300 sa tseachtain

**Spriocanna don bhliain seo chugainn:** 1. Bogadh amach as an mbaile.
2. Dul ar saoire lena chairde go dtí an Spáinn.
3. Cárta Creidmheasa a fháil.

**1.** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do Mharc buiséad a dhéanamh amach. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**2.** Cén cineál cóiríochta ba chóir do Mharc a lorg? Tabhair cúis le do rogha. (2 mharc)

Cineál cóiríochta ______________________________

Cúis ______________________________

______________________________

**3.** (a) Liostaigh **dhá** cheart a bheidh ag Marc sa chóiríocht a roghnaíonn sé. (2 mharc)

1.______________________________

______________________________

2.______________________________

______________________________

(b) Ainmnigh gníomhaireacht a thugann tacaíocht/comhairle má bhíonn deacrachtaí ann maidir le cóiríocht. (1 mharc)

______________________________________________

**4.** (a) D'fhéadfadh Marc a chuntas taisce a oscailt le Comhar Creidmheasa, Oifig an Phoist nó an Banc. Cé acu ceann ba chóir dó a roghnú? Mínigh cén fáth. (2 mharc)

Ainm na hInstitiúide:______________________________________________

Mínigh:______________________________________________

______________________________________________

(b) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach árachas saoire a cheannach? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**5.** Anois tá ioncam rialta ag Marc agus mar sin teastaíonn uaidh cárta creidmheasa a fháil. Liostaigh **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhainfeadh le cárta creidmheasa do Mharc. (4 mharc)

Buntáistí

1.______________________________________________

______________________________________________

2.______________________________________________

______________________________________________

Míbhuntáistí

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| | | Marc |
|---|---|---|
| Roinn A | | |
| Roinn B | | |
| Roinn C | C1 | |
| | C2 | |
| | C3 | |
| | C4 | |
| **IOMLÁN** | | |